

AN TSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoinemh ar:

- Glaoitear ar lucht leanúna Íosa caitheamh le daoine eile le grá agus le meas
- Cabhraíonn teagasc sóisialta Caitliceach linn a bheith cóir agus cothrom le daoine eile
- Chaith Íosa leis an Samárach mná ag an tobar le dínit agus atrua

EOCHAIRFHOCAIL

Imirceach: Duine a ghluaiseann ó áit go háit chun saol níos fearr a lorg.

Dídeanaí: Bíonn brú ar an dídeanaí a thír a fhágáil chun éalú ó chogadh, ó ghéarleanúint nó ó thubaiste nádúrtha.

TÉAMA 6: CEARTAS SÓISIALTA | CEACHT 1

Múineann Íosa dúinn an rud ceart a dhéanamh

AN GHÉARCHÉIM IMIRCEACH AGUS FREAGAIRT CHABHLACH NA hÉIREANN

Sa bhliain 2015, tháinig a lán daoine trasna na Meánmhara go dtí an Eoraip. Tháinig siad ón Afraic, ón Áise nó ón Meánoirthear. Tá daoine fós ag teacht. Cuireann siad a mbeatha i mbaol, ag iarraidh teacht go dtí an Eoraip, chun sábháilteacht agus síocháin a fháil agus chun saol nua a thosú. Teitheadh cuid acu ón mbochtaineacht atá ina dtíortha féin. Tugaimid **imircigh** ar na daoine seo. Teitheadh daoine eile ó chogadh, ó ghéarleanúint nó ó thubaiste nádúrtha. Tugaimid **dídeanaíthe** ar na daoine seo. Go minic, díolann siad gach rud atá acu agus íocann siad smuigléirí chun iad a thabhairt isteach san Eoraip. Go minic, ní bhíonn suim ag na smuigléirí ach in airgead agus – is cuma leo faoi shábháilteacht na ndaoine. Iompraíonn siad na daoine éadóchasacha seo trasna na farraige i seanbháid. Ní bhíonn caoi mhaith ar na seanbháid agus bíonn siad plódaithe le daoine. Téann go leor de na báid seo go tóin poill gach bliain, agus báitear fir, mná agus leanaí.

D'iarr Rialtas na hÉireann ar Chabhlach na hÉireann dul go dtí an Mheánmhuir chun na daoine a tharrtháil. Ar bord na mbád Éireannach, faigheann na himircigh bia, uisce agus aon chóireáil leighis a theastaíonn uathu. Idir Bealtaine 2015 agus Meitheamh 2016, d'éirigh le Cabhlach na hÉireann 15,621 duine a shábháil ón Meánmhuir.

SMAOINIGH AIR SEO ...

- An gceapann tú gur cóir do Chabhlach na hÉireann cabhair a thabhairt do na himircigh agus do na dídeanaíthe atá ag dul trasna na Meánmhara? Cén fáth?

Grúpa de dhídeanaíthe agus imircigh ag dul i dtír ar chósta na Gréige sa bhliain 2015



IS IOMAÍ DUINE A MBÍONN TARRTHÁIL UATHU

Tá sé an-soiléir go mbíonn tarrtháil á lorg ag imircigh agus ag dídeanaithe mar bíonn siad ag fulaingt ina dtíortha féin. Ach bíonn tarrtháil ó dhaoine eile i gcásanna an-difriúla freisin, fiú daoine anseo in Éirinn. Uaireanta, bíonn daoine bocht mar déanann daoine eile éagóir orthu. Mar shampla, nuair a dhúnann monarcha nó gnó, ní bhíonn post ag na daoine agus ní bhíonn siad in ann a dteaghlaigh a chothú. In Éirinn, le blianta beaga anuas, tá go leor daoine gan dídean de bharr na géarchéime eacnamaíche. I dtíortha atá i mbéal forbartha, tá daoine ag fulaingt. Ní thiteann go leor báistí agus ní fhásann na barra. Ansin ní féidir leo a dteaghlaigh a chothú. Bíonn tarrtháil ó na daoine sin freisin.

CLEACHTADH DIALAINNE

- Samhlaigh go bhfuil ort do theach a fhágáil go tapa chun dul go dtí áit nua. Níl ach cúig nóiméad agat chun ullmhú. Tarraing pictiúr sa dialann don Oideachas Reiligiúnach chun a thaispeáint conas a mhothaíonn tú. Léigh an sliocht seo ón scéal faoi chomhrá Íosa leis an Samárach mná ag an tobar.

Íosa agus an Bhean ag an Tobar (Eoin 4:7-15)

Tháinig bean ón tSamáir ag tarraingt uisce. Dúirt Íosa léi: “Tabhair dom deoch.” Bhí a dheisceabail imithe isteach don chathair ag ceannach bia.

Dúirt an Samárach mná leis ansin: “Conas go n-iarrann tusa, agus gur Giúdach thú, deoch ormsa agus gur Samárach mná mé?” Ní bhíonn aon chaidreamh ag Giúdaigh ar Shamáraigh.

D’fhreagair Íosa: “Dá mba eol duit tabhartas Dé,” ar sé léi, “agus cé hé a deir leat: ‘Tabhair dom deoch,’ is tusa a bheadh ag iarraidh airsean, agus thabharfadh sé duit uisce beo.”

“Níl aon bhuicéad agat, a dhuine uasail,” arsa an bhean leis, “agus tá an tobar domhain. Cad as mar sin a gheobhfá an t-uisce beo seo? An amhlaidh gur mó thú ná ár n-athair Iacób a thug dúinn an tobar agus gur ól sé féin as agus a chlann agus a thréada?”

D’fhreagair Íosa: “Gach duine a ólann an t-uisce seo,” ar sé léi, “beidh tart arís air. Ach má ólann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe. Ach an t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh tobar uisce de istigh ann, ag brúchtail chun na beatha síoraí.”

Dúirt an bhean leis: “A dhuine uasail, tabhair dom an t-uisce sin i dtreo nach mbeidh tart orm choíche, agus nach gcaithfidh mé teacht anseo ag tarraingt uisce.”



LE MEABHRÚ

Dúirt Íosa: ‘Má ólann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe. Ach an t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh tobar uisce de istigh ann, ag brúchtail chun na beatha síoraí.’ (Eoin 4:14)



EOCHAIRFHOCAIL

Sochaí: An pobal mór ina mairimid. Tá an pobal sin níos mó ná an pobal áitiúil agus níos mó ná an chomharsnacht ina bhfuil cónaí orainn.

Ceartas sóisialta: Nuair a bhíonn sochaí cóir agus cothrom ag plé le daoine, deirimid go bhfuil ceartas sóisialta sa tsochaí sin.

Teagasc sóisialta na hEaglaise Caitlicí: Na rudaí a mhúineann an Eaglais Chaitliceach dúinn chun cabhrú linn caitheamh go cóir agus go cothrom le daoine eile.

Éagóir shóisialta: Nuair a chaitheann sochaí go héagórach le daoine, deirimid go bhfuil éagóir shóisialta sa tsochaí sin.

SMAOINIGH AIR SEO ...

- Cad a cheapann tú a bhí i gceist ag Íosa nuair a labhair sé faoi 'uisce beo'?

IARRTAR AR CHRÍOSTAITHE OIBRIÚ AR SON CEARTAS SÓISIALTA

Chaith Íosa le gach duine le meas, cothroime agus atrua. Chabhraigh sé le daoine a bhí i ngátar agus chaith sé le gach duine go cothrom, is é sin le rá, chleachtaigh sé **ceartas sóisialta**.

Iarrann an Eaglais orainn an rud céanna a dhéanamh. Tugann teagasc sóisialta **na hEaglaise Caitlicí** treoir dúinn. Taispeánann na treoirí gur féidir linn na héagóracha inár **sochaí** a athrú, bochtaineacht, easpa dídine agus faillí nó truailliú ar an gcomhshaol, mar shampla. Bímid ag oibriú ar son ceartas sóisialta nuair a chaithimid go cothrom le daoine eile, nuair a roinnimid an méid atá againn le daoine atá ar an ngannchuid, agus nuair a chabhraímid le daoine atá fágtha ar lár inár sochaí.

Tá go leor eagraíochtaí ag obair ar son ceartas sóisialta in Éirinn agus in áiteanna eile. Gníomhaireacht chabhrach idirnáisiúnta is ea Christian Aid. Tagann daoine ó Eaglaisí Críostaí éagsúla le chéile. Oibríonn siad chun deireadh a chur leis an éagthroime agus an éagóir sa tsochaí, anseo in Éirinn agus thar lear. Oibríonn Trócaire go minic le Christian Aid, chun síocháin agus ceartas a chur chun cinn. Déanann siad cúram den chomhshaol ar fud an domhain freisin.

Caithfidimid tarrtháil agus cabhair a thabhairt don phláinéad má tá sé le maireachtáil. Bímid ag obair ar son ceartas sóisialta nuair a thugaimid aire don domhan nádúrtha mórthimpeall orainn. Táimid ag brath ar an domhan sin le maireachtáil.

AN tSEACHTAIN SEO

Scrúdaigh na páistí coincheap an cheartais shóisialaigh agus teagasc na hEaglaise gur chóir dúinn caitheamh le daoine le dínit agus le meas. D'fhoghlaim siad go n-iarrtar ar gach Críostaí dul i ngleic le héagóracha cosúil le bochtaineacht agus easpa dídine, chun dúshlán a thabhairt do chórais nach gcuireann daoine san áireamh nó a chuireann faoi mhíbhuntáiste iad. Iarrtar ar Chríostaithe oibriú chun deireadh a chur le gníomhartha a dhéanann damáiste nó scrios don chomhshaol. D'fhéach na páistí ar an obair a dhéanann Trócaire agus Christian Aid, chun deireadh a chur le héagóracha sa tsochaí. Chuala na páistí an scéal faoin gcomhrá a bhí ag Íosa leis an Samárach mná ag an tobar - níor labhair daoine leis an mbean agus níor thug siad aird uirthi.

Oibrigh le chéile chun na habairtí sa mhachnamh seo a chríochnú:

Deis atá sa saol, bain tairbhe as.
Tá an saol go hálainn, bain taitneamh as.
Aisling atá sa saol, fíoraigh í.
Dúshlán atá sa saol, _____.
Gealltanais atá sa saol, _____.
Amhrán atá sa saol, _____.
Is luachmhar é an saol, _____.

ARBH EOL DUIT?

Nuair a bhímid ag obair ar son ceartas sóisialta, bímid ag obair le Ríocht Dé a thógáil ar domhan. D'iarr Íosa orainn é sin a dhéanamh.

AGA LE CHÉILE**Bígí ag caint**

Cén **éagóir shóisialta** ar mhaith leat deireadh a chur léi inár sochaí? Céard a d'fhéadfá a dhéanamh chun deireadh a chur leis an éagóir sin?

Guígí le chéile

Cabhraigh linn, a Thiarna, domhan a thógáil – domhan ina mbeidh cothroime agus dínit ag gach duine, mar a d'iarr Íosa orainn. Áiméan.

Bí cóir

Déan iarracht a bheith cothrom agus cóir le daoine i gcónaí. Má fheiceann tú éagóir, labhair amach mar tá sin mícheart.



AN TSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoinemh ar:

- Conas a athraíonn do dhearcadh nuair a bhíonn tú le daoine eile
- Cabhraíonn na Biáide leat a bheith sona sásta agus daoine eile a dhéanamh sona sásta freisin

EOCHAIRFHOCAIL

Dearcthaí: Smaointe agus mothúcháin a bhíonn ag daoine faoi dhaoine eile agus faoi rudaí ar fud an domhain.

Biáide: Na dearcthaí agus na luachanna maithe, a mhol Íosa dúinn, a chleachtadh inár saol.

Bocht ó spiorad: Tuigean daoine atá 'bocht ó spiorad', gur féidir leo bheith níos fearr mar dhaoine. Bíonn siad umhal (ceansa) freisin.

Ceansa: Tuigean daoine atá ceansa go bhfuair siad a gcuid buanna ó Dhia. Ní bhíonn siad ag maíomh ná ag déanamh gaisce.

Déan géarleanúint: Má dhéanann tú géarleanúint ar dhuine, caitheann tú go holc leis. Déanann tú géarleanúint mar nach maith leat an duine ná na rudaí a chreideann sé.

TÉAMA 6: CEARTAS SÓISIALTA | CEACHT 2

Múineann Íosa na Biáide dúinn

CUIMHNIGH AR AN SCÉAL: 'DROCHLÁ DO SHEOSAMH!'

- Conas a chaith Seosamh leis na daoine eile sa scéal? Cé na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar a iompar?
- Chuaigh na rudaí a rinne Seosamh i bhfeidhm ar dhaoine eile. Cé na daoine sin? Conas a chuaigh na rudaí sin i bhfeidhm ar na daoine seo?
- Ar iompar Seosamh é féin ar an mbealach sin i gcónaí, nó an raibh sé sin neamhghnách?

SMAOINIGH AIR SEO ...

- An mbraitheann tú, anois is arís, mar a bhraith Seosamh sa scéal? Cén fáth a dtarlaíonn sé sin, meas tú?

CLEACHTADH DIALAINNE

- Tarraing d'ímlíne féin sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Cuir dathanna, siombailí agus/nó focail laistigh den ímlíne nó timpeall uirthi chun tú féin a chur in iúl nuair a bhíonn tú an-mhaith.

BÍONN TIONCHAR AG ÁR nDEARCTHAÍ AR ÁR nGNÍOMHARTHA

Tugaimid **dearcthaí** ar na smaointe agus na mothúcháin a bhíonn againn faoi dhaoine eile agus faoi rudaí éagsúla ar fud an domhain mórthimpeall orainn. Bíonn tionchar ag na dearcthaí a bhíonn againn ar ár dtuairimí faoi dhaoine eile agus ar ár ngníomhartha – na rudaí a dhéanaimid. Is féidir le dearcthaí a bheith dearfach nó diúltach. De ghnáth, nuair a bhíonn na dearcthaí dearfach, déanaimid dea-ghníomhartha. Ach nuair a bhíonn na dearcthaí diúltach, déanaimid drochghníomhartha.

- Sa scéal 'Drochlá do Sheosamh!', cén dearcadh a bhí ag Seosamh ar gach rud?
- Cad iad na dearcthaí eile - maith agus olc - is féidir leat a ainmniú?



NA BIÁIDE

Sna **Biáide**, tugann Íosa dearcthaí agus luachanna maithe dúinn. Iarrann sé orainn iad a chur i bhfeidhm inár saol. Is ‘bealaí maithe’ iad le maireachtáil ar domhan. Ag úsáid na rudaí a dúirt sé agus na rudaí a rinne sé, thaispeáin Íosa dúinn conas maireachtáil de réir na mBiáide. Má mhairimid mar sin, beimid féin agus daoine eile sona sásta, a deir Íosa.

Tá na Biáide sa tSeanmóir ar an Sliabh, sa Soiscéal de réir Mhatha.

Na Biáide (Matha 5:3-12)

Is méanar dóibh seo atá **bocht ó spiorad**,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.

Is méanar do lucht an dobróin,
óir sólásófar iad.

Is méanar dóibh seo atá **ceansa**,
óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na
fíréantachta orthu,
óir sásófar iad.

Is méanar do lucht na trócaire,
óir déanfar trócaire orthu.

Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí,
óir feicfidh siad Dia.

Is méanar do lucht síochána a dhéanamh,
óir glaofar clann Dé orthu.

Is méanar dóibh seo **a d’fhulaing géarleanúint** mar
gheall ar an bhfíréantacht,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.

Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh
agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt
drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa.

Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é
bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh
géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.



SMAOINIGH AIR SEO ...

- Conas a bheadh an saol dá mairfeadh gach duine ar an gcaoi a leag Íosa amach sna Bíáide?
- Conas a bheadh an saol mura mairfeadh éinne ar an gcaoi sin?

NA DEICH NAITHNE AGUS AITHNE AN GHRÁ

Is treoirlínte iad na Bíáide. Taispeánann siad dúinn conas Íosa a leanúint. Ach sular tháinig Íosa ar domhan, thug Dia treoirlínte eile do dhaoine chun cabhrú leo maireachtáil. Tugaimid na Deich nAithne ar na treoirlínte sin. Cé mhéad de na Deich nAithne is cuimhin leat?

Thug Íosa Aithne Nua dúinn freisin. Cuir ord ar na focail thíos chun an teachtaireacht a léamh:

IGÁÍGR A ÉCHLEI

CLEACHTADH DIALAINNE

- Úsáid focail agus/nó íomhánna chun léiriú a thabhairt ar roinnt de na bealaí inar féidir le daoine maireachtáil má leanann siad na Bíáide, na Deich nAithne agus an Aithne Nua, sa lá atá inniu ann.

AN tIONAD CÚRAM LAE CAIPISÍNEACH DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Sa bhliain 1969 bhunaigh an Bráthair Caoimhín Ó Crualaoich an tIonad Cúram Lae Caipisíneach do Dhaoine gan Dídean. Tá an tIonad ar Shráid Bowes, Baile Átha Cliath. Cabhraíonn go leor oibrithe deonacha san Ionad. Cuireann an tIonad Cúram Lae os cionn 700 béile ar fáil gach lá. Cuireann siad os cionn 1,500 pacáiste bia ar fáil gach Céadaoin do dhaoine gan dídean agus do na bochtáin i mBaile Átha Cliath.

Feicimid na Bíáide ag gníomhú san Ionad Cúram Lae Caipisíneach do Dhaoine gan Dídean. Taispeánann an dea-obair a bhíonn ar siúl san Ionad na luachanna agus na dearcthaí a mhúin Íosa. Bíonn na hoibrithe deonacha sona sásta ag obair san Ionad. Bíonn na daoine a fhaigheann bia sona sásta - díreach mar a gheall Íosa. Má thugaimid grá dá chéile beimid sona sásta.

SMAOINIGH AIR ...

- Cén ceann de na Bíáide a d'fheicfeá ag obair, dá mbeifeá ar cuairt san Ionad Lae Caipisíneach?

**LE MEABHRÚ**

Roghnaigh trí cinn de na Bíáide agus foghlaim de ghlanmheabhair iad.

AN TSEACHTAIN SEO

D'fhoghlaim na páistí go mbíonn tionchar ag dearcthaí ar na rudaí a dhéanann siad agus ar an mbealach a chaitheann siad le daoine eile. Is minic a bhíonn iompar maith mar thoradh ar dhearcadh maith, ach de ghnáth leanann drochghníomhartha drochdhearcadh. Thug Íosa na Bíáide dúinn, sa tSeanmóir ar an Sliabh – dearcthaí agus luachanna maithe. Iarrann sé ar a lucht leanúna iad a leanúint. Is féidir leis na Bíáide, chomh maith leis na Deich nAithne agus an Aithne Nua, cabhrú linn maireachtáil mar a mhair Íosa. Má mhairimid ar an gcaoi sin, beimid féin agus daoine eile sona sásta.

Léigí an dán 'Na Bíáide' le chéile.

Na Bíáide

Más duine le saibhreas tú,
Gan ligean dó, tú a shealbhú;
Is má thugtar moladh mór duit
Agus fós gur Dia atá dod' rialú;

Má chabhraíonn tú le daoine atá lag,
Agus má ardaíonn tú an té atá thíos,
Ag cuidiú go tapa le bochtáin
Leo siúd a mbíonn a saol ar cíos;

Má bhíonn an croí agat saor,
Gan oibriú i gcónaí duit féin,
Le solas Dé ag síor-lasadh
Ar dhaoine anseo is i gcéin;

Má mhaitheann tú daoine go fial
Fiú nuair a ghoilleann siad do chroí;
Agus droichead idir naimhde a thógáil
An mac tíre leis an uan ina luí;

Más féidir leat olcas a admháil
Is an ceart a dhéanamh de ghnáth,
'Gus an fód a sheasamh go láidir,
Is cuma an méid 'bheadh le rá;

Más cara thú le cách,
Tú láidir agus ceart de shíor,
Istigh ionat beidh ag fás
Ríocht Dé go láidir mar thír.

ARBH EOL DUIT?

Múineann na Bíáide dúinn conas ba chóir dúinn Íosa a leanúint.

AGA LE CHÉILE**Freagair agus roinn**

Smaoinigh ar na bealaí a léiríonn na daoine i do theaghlach na Bíáide ag gníomhú. Scríobh faoi cheann de na bealaí sin sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin labhair le do thuismitheoir/ chaomhnóir faoi.

Guígí le chéile

A Íosa, a chara agus a mhúinteoir, cabhraigh linn maireachtáil de réir na mBíáide. Cabhraigh linn tú a leanúint i gcónaí. Áiméan.

Tosaigh!

Tosaigh inniu – smaoinigh ar conas is féidir leatsa maireachtáil de réir na mBíáide.



AN TSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoinemh ar:

- An chaoi a bhfuil Dia, daoine agus an saol nádúrtha ceangailte le chéile
- Mar a chuireann gníomhartha daoine le scrios an domhain
- Is féidir linn cúram agus aire a thabhairt don domhan, mar a d'iarr Dia orainn

EOCHAIRFHOCAIL

Éabhlóid: An próiseas a cheaptar go dtagann forbairt ar orgánaigh agus ar fhoirmeacha beatha éagsúla le linn stair an domhain.

Imlitir: Litir a scríobh an Pápa chuig baill uile na hEaglaise ar fud an domhain.

Laudato Si': Frása Iodáilise a chiallaíonn 'Moladh Leat'; teideal litreach (imlitir) a scríobh an Pápa Proinsias, chuig pobal an domhain is ea *Laudato Si'*.

TÉAMA 6: CEARTAS SÓISIALTA | CEACHT 3

Iarrtar orainn cúram a thabhairt d'Ár mBaile Coiteann

TÁ BEATHA UILE AN DOMHAIN CEANGAILTE LE CHÉILE

Thosaigh na cineálacha beatha is luaithe ar phláinéad an domhain thart ar 3.8 billiún bliain ó shin. Tháinig beatha dhaonna i bhfad níos déanaí. Tá fás agus forbairt déanta ag na cineálacha éagsúla ó shin i leith – tugaimid **éabhlóid** ar an bpróiseas sin.

Sa naoú haois déag, thuig eolaithe ar nós Charles Darwin go bhfuil gach rud beo agus gach speiceas ceangailte i ngréasán mór na beatha. Ó shin i leith, tá eolaithe ag bailiú fianaise chun na naisc atá ann idir gach rud beo ar domhan a thaispeáint.

Creideann Críostaithe gur tháinig éabhlóid ar an domhan thar na céadta bliain. Ag an am céanna creideann siad gurb é Dia foinse na beatha ar fad. Thuig na naoimh é sin. Mar shampla, ghlaigh Naomh Proinsias Assisi a 'dheartháireacha agus a dheirfiúracha' ar éin, ar éisc, ar chaoirigh, ar an ngealach agus ar na réaltaí.

SMAOINIGH AIR SEO ...

- Samhlaigh gur chaith gach duine leis an domhan, agus leis an mbeatha ar domhan, mar a chaithfeá le 'deartháireacha agus deirfiúracha', mar a rinne Naomh Proinsias Assisi. An mbeadh athrú ar an gcaoi a dtugaimid aire don domhan agus do na créatúir ann?



Naomh Proinsias Assisi ag seanmóireacht do na héin le Giotto (c. 1300)

Léigh an scéal seo a leanas faoi chruthú an domhain agus faoi na créatúir éagsúla a chónaíonn ann. Tá an scéal as Leabhar Geineasas sa Bhíobla.

Scéal an Chruthaithe (Oiriúnaithe ó Gheineasas 1:1-31)

I dtús báire ní raibh tada ann. Ní raibh an spéir, an ghrian, an ghealach ná na réaltaí ann. Ní raibh ann ach uisce ag gluaiseacht sa dorchadas. Níor theastaigh ó Dhia go bhfanfadh cúrsaí amhlaidh. Mar sin dúirt Dia: “Bíodh solas ann,” agus bhí an solas ann. Thug Dia “lá” ar an solas agus “oíche” ar an dorchadas.

Ansin scar Dia na huiscí a bhí sna néalta bána ó na huiscí a bhí ar domhan thíos. Agus mar sin chruthaigh Dia an spéir.

Ansin dúirt Dia “bíodh talamh tirim le feiceáil.” Agus bhí sin amhlaidh. Tháinig an talamh tirim aníos faoin uisce. Thug Dia “talamh” ar an talamh tirim agus “farraige” ar na huiscí a bhí bailithe le chéile.

Ansin dúirt Dia: “Bíodh plandaí éagsúla ag fás ar an talamh.” Agus bhí sin amhlaidh. Thosaigh gach saghas planda ag fás. D’fhéach Dia ar gach rud a chruthaigh sé: an solas, an spéir, an fharraige, an talamh agus na plandaí. Bhí Dia sásta leis an méid a chruthaigh sé. Bhí sé go maith.

Ansin chruthaigh Dia an ghrian gheal sa spéir chun bheith ag lonradh i rith an lae. Agus ina dhiaidh sin chruthaigh sé an ghealach álainn agus na réaltaí chun a bheith ag lonradh i rith na hoíche. Anois ní raibh an spéir lom – bheadh na soilse sin inti i gcónaí. Bhí Dia sásta leis an méid a chruthaigh sé. Bhí sé go maith.

Ansin dúirt Dia: “Bíodh rath ar na huiscí le hiomad dúl beo, agus bíodh éanlaith ar eitilt os cionn na talún faoi fhirimint neimhe.” Mar sin chruthaigh Dia na hainmhithe chun maireachtáil san fharraige, agus na héin chun eitilt trasna na spéire. D’fhéach Dia ar an méid a chruthaigh sé: an ghrian, an ghealach agus na réaltaí, créatúir na farraige agus éin an aeir. Bhí Dia sásta leis an méid a chruthaigh sé. Bhí sé go maith.

Ach bhí a fhios ag Dia go raibh rud éigin in easnamh ag an domhan – rud éigin speisialta. Bhí rud éigin a bheadh *an-mhaith* ag teastáil. Mar sin, chruthaigh Dia daoine. Theastaigh uaidh go mbeadh tiarnas acu ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir, ar an eallach, ar an talamh go léir, agus ar na péisteanna go léir agus go dtabharfaidís aire dóibh féin chomh maith. Mar sin chruthaigh Dia na daoine ar a dheilbh féin. Bheidís maith, cineálta agus grámhar. Bheadh buanna éagsúla ag gach duine acu, agus le chéile thabharfaidís aire don domhan. Agus nuair a chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go *sármhaith*.





- Conas a bhraith Dia tar éis dó an solas, an spéir, an fharraige, an talamh agus na plandaí a chruthú?
- Cén fáth ar chruthaigh Dia daoine?
- Cad a theastaigh ó Dhia go ndéanfadh daoine?
- De réir leabhar Gheineasas, cén fáth arbh iad daoine an ghné ab fhearr a chruthaigh Dia?

LAUDATO SI': MAIDIR LE CÚRAM A THABHAIRT D'ÁR MBAILE COITEANN

Sa bhliain 2015 scríobh an Pápa Proinsias litir thábhachtach – **imlitir** – chuig gach duine ar an bpláinéad. Is é **Laudato Si'**, frása Iodáilise a chiallaíonn 'Moladh leat' an teideal a bhí ar an litir.

In *Laudato Si'* cuireann an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn gur bronntanas ó Dhia é an domhan, agus tugann sé 'ár mbaile coiteann' air. Tá sé lán d'áilleacht agus d'iontas, agus is le gach duine é. Deir an Pápa go bhfuil damáiste an-mhór déanta don domhan cheana féin. Nuair a thruaillíonn daoine an comhshaol agus nuair a fhaigheann siad réidh le dramhaíl go míchúramach, déanann siad damáiste don phláinéad. Cuireann an damáiste sin, athrú aeráide agus an easpa uisce atá glan, bagairt ar ár bpláinéad.

Ach deir an Pápa Proinsias linn freisin nach bhfuil sé ródhéanach. Is féidir linn ár n-iompar a athrú, agus is féidir linn tosú arís agus cúram a thabhairt don phláinéad agus do na créatúir go léir a chónaíonn air.

Iarrann an Pápa Proinsias ar dhaoine bheith ag obair le chéile chun aire a thabhairt dár bpláinéad. Iarrann sé orainn rudaí simplí a dhéanamh chun ár n-iompar a athrú agus ár ngrá a thaispeáint don phláinéad agus dá chéile. Má bhíonn an dearcadh ceart againn agus má fhéachaimid ar an domhan mar 'ár mbaile coiteann', beidh cúram agus meas nua againn air. Ansin tabharfaimid aire dó mar a d'iarr Dia orainn.

CLEACHTADH DIALAINNE

- Cad é a cheapann tú faoi imlitir an Phápa Proinsias ag cur in iúl dúinn an gá le cúram a thabhairt don domhan, 'ár mbaile coiteann'? An aontaíonn tú leis? Scríobh do chuid smaointe sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Luaigh cuid de na rudaí a bheadh daoine ábalta a dhéanamh chun cúram níos fearr a thabhairt don domhan.

LE MEABHRÚ

A Dhia, a Chruthaitheoir, chruthaigh tú an domhan agus gach a bhfuil ann. Moladh leat!

AN TSEACHTAIN SEO

Chuimhnigh na páistí ar an scéal as Leabhar Gheineasas faoi chruthú an domhain. Thug Dia freagracht do dhaoine aire a thabhairt don domhan agus do gach créatúr ann. Ach cuireann an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn san imlir *Laudato Si': Maidir le cúram a thabhairt d'Ár mBaile Coiteann*, go bhfuil daoine ag déanamh damáiste don domhan agus do na hacmhainní atá ann. Molann an Pápa dúinn breathnú ar an domhan mar 'ár mbaile coiteann' agus meas agus cúram a thabhairt dó mar a d'iarr Dia orainn. Tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt don domhan, ní hamháin dúinn féin ach do na glúnta atá le teacht.

Léigh an dán 'Athrú ar an gComhshaol' le chéile. Scríobh buachaill darb ainm Pádraig Bairéid, ó Chontae Mhaigh Eo, an dán seo i mBéarla do chomórtas filíochta a d'eagraigh Trócaire sa bhliain 2015.

Athrú ar an gComhshaol

An teocht ag ardú,
Agus farraigí arda,
Níl canú agam,
Céard a mholfá domsa?

Bogadh go Críoch Lochlann,
Agus mair le hoighir 's sneachta?
Ach má leanann an teocht ag ardú,
Ní bheidh siad ann feasta.

D'fhéadfainn athchúrsáil,
Is soilse a mhúchadh,
Crann nó dhó a chur ag fás.
Cabhair de shórt, is dócha.

Tá an comhshaol athraithe,
Ní féidir é a shéanadh.
Ach ar son ár bpáistí uile
Cuirimis stop leis an gclaonadh.

ARBH EOL DUIT?

Tugann an Eolaíocht agus an Scriptor Naofa tacaíocht dá chéile. Cabhraíonn siad linn iontas an domhain a chruthaigh Dia, a thuiscint.

AGA LE CHÉILE**Bígí ag caint**

Labhair faoi na nithe simplí is féidir leat a dhéanamh chun aire a thabhairt dár bpláinéad, mar shampla níos lú páipéir a úsáid, gan bia a chur amú, athchúrsáil, agus níos lú uisce a úsáid.

Freagair agus roinn

Déan liosta de thrí rud a dhéanfaidh tú i do theach chun cuidiú le cúram a thabhairt d'ár bpláinéad. Labhair le do thuismitheoir/chaomhnóir faoi.

Guígí le chéile

A Dhia ghrámhair, cuidigh linn aire a thabhairt dár bpláinéad agus gach a bhfuil ann, mar a d'iarr tú orainn. Áiméan.

Bí freagrach

Bí cinnte na nithe seo a leanas a dhéanamh: laghdú, athúsáid, athchúrsáil nó deisiú, – ansin ní dhéanfaidh tú dramhaíl.



AN TSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoinemh ar:

- Conas a bhraith Íosa ag gach céim den turas go dtí a bhás
- Na himeachtaí tábhachtacha de thuras deiridh Íosa – cuimhnímid orthu i dTuras na Croise
- Conas a dhéanfaidh tú an tSeachtain Mhór a cheiliúradh i mbliana

EOCHAIRFHOCAIL

An Pháis: Na laethanta deiridh i saol Íosa. Thosaigh an Pháis nuair a chuaigh Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim. Chríochnaigh an Pháis nuair a chéas na saighdiúirí Íosa ar Chnoc Chalvaire.

Gairdín Gheitséamainí: An gairdín ag bun Chnoc na nOlóg. Chuaigh Íosa chun guí ann nuair a bhí an Suipéar Déanach thart.

Via Dolorosa: Ainm Laidine ar shráid laistigh de Shean-Chathair Iarúsailéim. Shiúil Íosa ar an tsráid sin, ar a bhealach go dtí a bhás ar Chnoc Chalvaire.

Turas na Croise: An turas deiridh a rinne Íosa go dtí a bhás ar an gCros. Tá an turas le feiceáil mar pháosa ealaíne i gceithre stáisiún déag. Cuireann gach stáisiún eachtra ar an turas sin i gcuimhne dúinn.

Golgatá: Fuair Íosa bás ar an gCros ar chnoc – Golgatá. Tugaimid Calvaire air freisin.

TÉAMA 7: AN TSEACHTAIN MHÓR AGUS AN CHÁISC | CEACHT 1

Lorg Íosa a leanúint

TURAS DEIRIDH ÍOSA

Uaireanta tugann Críostaithe an **Pháis** ar na laethanta deiridh i saol Íosa. Tá roinnt íomhánna agus tuairiscí ón turas deireanach sin le fáil thíos. Is féidir le hoilithrigh go hIarúsailéim na háiteanna go léir a bhaineann le hÍosa a fheiceáil fós.

**Ballaí Iarúsailéim**

Tá ballaí arda timpeall ar Iarúsailéim leis na cianta. Bhí na ballaí ann chun an chathair a chosaint i gcoinne naimhde. Scríos naimhde na ballaí arís agus arís eile thar na mílte bliain ach thóg

muintir Iarúsailéim arís iad. Nuair a chuaigh Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim den uair dheireanach, chuaigh sé isteach trí gheata cosúil leis an gceann sa phictiúr seo. Cuimhnímid ar an ócáid sin ar Dhomhnach na Pailme.

SMAOINIGH AIR SEO ...

- Samhlaigh conas a bhraith Íosa nuair a chonaic sé na sluaite ag croitheadh brainsí pailme agus ag béicíl, 'Hósana! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna!' (Eoin 12:13)

An Seomra Bia Uachtarach

De réir traidisiúin, is é seo an seomra inar cheiliúir Íosa an Suipéar Déanach lena aspail. Cuimhnímid ar an ócáid sin ar Dhéardaoin na Comaoineach. Creidimid gur tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na haspail ar an gCincís sa seomra céanna.



SMAOINIGH AIR SEO ...

- Samhlaigh conas a bhraith Íosa, nuair a cheiliúir sé an Suipéar Déanach lena aspail. Bhí a fhios aige go gcuirfeadh na saighdiúirí chun báis é go luath ina dhiaidh sin.